OLLSCOIL NA GAILLIMHE
UNIVERSITY OF GALWAY

AC/23/A3/VI.1

# TREOIRLÍNTE MAIDIR LE hOBAIR PHRÍOBHÁIDEACH CHOMHAIRLIÚCHÁIN DO CHOMHALTAÍ LÁNAIMSEARTHA DEN FHOIREANN ACADÚIL

**Réamhrá**

**1.1** Glactar leis san Ollscoil go bhfuil saineolas agus scileanna intleachtacha ag comhaltaí foirne ar féidir iad a úsáid chun leas an phobail, an tionscail agus an lucht gnó, agus go dtagann deiseanna chun cinn na scileanna seo agus an t-eolas seo a úsáid lasmuigh den Ollscoil. Glactar leis san Ollscoil go gcuireann a leithéid sin de ghníomhaíocht le saol gairmiúil an chomhalta foirne; go spreagtar taighde agus scoláireacht; go dtéann sé chun leas an phobail agus go gcuireann sé le seasamh na hOllscoile sa phobal.

**1.2** Níor cheart, áfach, go gcuirfeadh obair chomhairliúcháin isteach ar chomhalta foirne a chomhlíonann na dualgais sin a bhfuil conradh lánaimseartha aige/aici leis an Ollscoil ina leith. Dá réir sin, tá gá le polasaí a rialóidh go réasúnta an t-am a thugtar do ghníomhaíochtaí seachtracha agus a shaineoidh seasamh na hOllscoile maidir leis na gníomhaíochtaí sin.

**1.3** Tugtar cuireadh do chomhaltaí foirne atá den tuairim go bhfuil seirbhísí agus saineolas laistigh den Ollscoil a d'fhéadfadh cur le leas ginearálta an phobail, an tionscail nó an lucht gnó, moltaí a dhéanamh agus é seo a chur in iúl don Choiste Forbartha agus Gnóthaí Seachtracha, nó comhlacht cuí eile laistigh den Ollscoil.

**Sainmhíniú**

**2.1** Chun críocha na dTreoirlínte, seo a leanas an sainmhíniú a thugtar ar "Obair Chomhairliúcháin": obair phríobháideach a dhéantar sa bhreis ar ghnáthdhualgais chomhaltaí foirne ar coimisiún ó dhuine nó comhlacht lasmuigh den Ollscoil agus a bhfaigheann an comhalta foirne luach saothair i leith na hoibre sin ón duine nó ón gcomhlacht sin.

**2.2** Baineann na coinníollacha ginearálta seo a leanas le hobair chomhairliúcháin:

- ♦ Go ginearálta, ba cheart go mbeadh nádúr na hoibre ag teacht le seasamh an chomhalta foirne
- ♦ Níor cheart go gcruthódh an obair comórtas éagórach le cleachtóirí i ngairm nó i réimse inniúlachta an chomhalta foirne.
- ♦ Níor cheart gnáthobair nó athobair a dhéanamh.

**2.3** Ní áirítear obair den saghas seo a leanas sa sainmhíniú:

- ♦ Scrúdaitheoireachtaí Ócáideacha Seachtracha
- ♦ Comhaltas ócáideach íoctha/neamhíoctha de choistí nó grúpaí sa tseirbhís phoiblí (náisiúnta nó idirnáisiúnta)
- ♦ Seirbhís ócáideach íoctha/neamhíoctha mar mheasúnóir do chomhlachtaí oideachais nó gairmiúla.
- ♦ Tionscadail taighde maoinithe ag gníomhaireachtaí maoiniúcháin aitheanta náisiúnta/idirnáisiúnta agus curtha i gcrích ag an Ollscoil
- ♦ Saothair acadúla a scríobh
- ♦ Scríbhneoireacht ócáideach de chineál ginearálta
- ♦ Léachtaí ócáideacha, a bheith ar an raidió nó ar an teilifís

**2.4** Is ionann "ócáideach" dá dtagraítear i mír 2.3 agus rud nach ndéantar go minic i seisiún agus/nó a bhfuil achar gearr nó carnach i gceist leis le linn cás amháin nó níos mó i seisiún.

**2.5** Ní mór cead a fháil don obair chomhairliúcháin a thagann faoi réir théarmaí na dTreoirlínte seo.

**2.6** Bainfidh feidhm le forálacha Reachtanna agus/nó Coinníollacha Ceapacháin a bhaineann le hobair sheachtrach nach n-áirítear sna Treoirlínte seo.

**Srianta**

Is féidir go mbeadh na srianta seo a leanas i bhfeidhm ar an méid obair chomhairliúcháin ar féidir le comhalta foirne baint a bheith aige/aici leis.

**3.1 Níor cheart, i gcás ar bith, go gcuirfeadh an obair chomhairliúcháin isteach ar ghnáthdhualgais an chomhalta foirne; dualgais cosúil le teagasc, taighde, scrúdú agus am a leagan ar leataobh le bheith ar fáil do mhic léinn.**

**3.2 Ní féidir níos mó ná 10% den am a chaitheamh ar obair phríobháideach chomhairliúcháin.**

**Cead**

**4.1** Ar mhaithe le trédhearcacht agus cuntasacht, tá sé tábhachtach go mbeadh an Ollscoil ar an eolas faoi leasanna tráchtála agus gairmiúla a foirne lánaimseartha.

**4.2** D'fhonn comhaltaí foirne agus an Ollscoil a chosaint mar is ceart, tá sé tábhachtach go ndéantar iarratas ar chead tabhairt faoi obair chomhairliúcháin in am agus go mbíonn dóthain ama ann cinneadh ciallmhar a dhéanamh. Ní féidir obair chomhairliúcháin a dhéanamh ach amháin má tá cead faighte agus go dtí go bhfuil cead faighte.

**4.3** Is é/í an tUachtarán a bheidh freagrach as cead a thabhairt obair chomhairliúcháin a dhéanamh, nó ainmní an Uachtaráin, i ndiaidh moladh a fháil ón gCeann Scoile cuí (i gcás Ceann Scoile, teastóidh moladh ón Déan Coláiste cuí. I gcás Déin, teastóidh moladh ón Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí). Chun críche an Pholasaí seo, is é/í an tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí ainmní an Uachtaráin, ach amháin i gcás na nDéan Feidhmiúcháin – nuair is é/í an tUachtarán a dhéanfaidh cinneadh.

**4.4** Ba cheart iarratas chun obair chomhairliúcháin a dhéanamh a chur faoi bhráid an Chinn Scoile, an Déin Feidhmiúcháin nó an Uachtaráin Ionaid agus Meabhránaí ar dtús, de réir 4.3 thuas; a thabharfaidh moladh maidir leis an iarratas don Uachtarán nó d'ainmní an Uachtaráin, de réir mar is cuí.

**4.5** Féadfar tuilleadh eolais a lorg ón iarratasóir ar bhonn rúnda nó eile. Mura furasta teacht ar an eolas breise seo, ní chuirfear an t-iarratas san áireamh a thuilleadh.

**4.6** Sa chás go bhféadfadh an obair chomhairliúcháin cur isteach ar chomhghleacaithe agus iad i mbun a ndualgas a chomhlíonadh, ní mór don iarratasóir a dhearbhú go bhfuil sé/sí toilteanach déileáil le héifeacht ar bith a bhíonn ag an obair chomhairliúcháin air/uirthi.

**4.7** Cuirfidh an Ceann Scoile/an Déan Feidhmiúcháin comhairle ar an Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí i dtaobh ar cheart cead a thabhairt nó nár cheart agus na coinníollacha a bhainfidh leis an gcead sin, más ann dóibh.

**4.8** Féadfaidh an tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí/an tUachtarán, cead obair chomhairliúcháin a dhéanamh a chúlghairm nó a leasú ag tráth ar bith, más rud é, ina t(h)uairim, nach bhfuil an gealltanas atá i gceist leis an obair ag teacht le dualgais chonarthacha comhalta foirne.

**4.9** Coimeádfaidh an tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí taifead den líon ceadanna atá tugtha agus cuirfear tuarascáil bhliantúil ar fáil don Choiste um Pleanáil Acadúil agus Acmhainní. Ní dhéanfar tagairt ar bith d'fhaisnéis rúnda sa tuarascáil seo.

D'fhonn cloí leis an dearcadh atá ag an Ollscoil ar obair chomhairliúcháin féadfar roinnt oibre cosúil leis seo a dhéanann comhaltaí foirne a áireamh i dTuarascáil an Uachtaráin.

**5. Coinníollacha**

Bunófar cead obair phríobháideach chomhairliúcháin a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:-

**5.1** Ní thiocfaidh laghdú ar dhualgais teagaisc, taighde, scrúdaithe nó riaracháin an té i gceist – dualgais bhunúsacha an cheapacháin acadúil.

**5.2** Níor cheart go mbeadh baol coimhlinte leasa idir an Ollscoil agus na daoine/an grúpa/an chuideachta a bhfuil an obair chomhairliúcháin á déanamh ar a son.

**5.3** Cuireadh in iúl go soiléir don chliant go bhfuil an comhalta foirne ag feidhmiú mar dhuine príobháideach agus ní mar ghníomhaí nó mar fhostaí de chuid na hOllscoile.

**5.4** Is é seoladh príobháideach an chomhalta foirne a úsáidtear don chomhfhreagras ar fad. Níor cheart cinn litreach nó páipéarachas clóite ar bith eile de chuid na hOllscoile a úsáid.

**5.5** Ní bheidh freagracht ar bith ar an Ollscoil as an obair (is féidir go dteastóidh ó chomhaltaí foirne árachas slánaíochta pearsanta gairmiúla a bheith acu chun a gcuid dliteanas aonair a chumhdach).

**5.6** Geallann an comhalta foirne ioncam a fhaightear ó chomhairliúchán príobháideach a nochtadh chun críocha cúrsaí cánach ar bhonn féinfhostaithe.

**Úsáid Seirbhísí, Áiseanna nó acmhainní eile na hOllscoile**

**6.1** Sa chás go bhfuil seirbhísí, áiseanna nó acmhainní eile na hOllscoile in úsáid in obair chomhairliúcháin, ní mór cead a fháil ón Ollscoil roimh ré. Ní mór don iarratasóir an Ollscoil a íoc as na seirbhísí, áiseanna nó acmhainní sin a úsáid faoi réir na gcoinníollacha a chinnfidh an Ollscoil.

**6.2** Is ceart a thabhairt faoi deara nach n-áirítear gnáthsheirbhísí agus seirbhísí athchleachtacha mar "Obair Chomhairliúcháin". Sa chás go bhfuil seirbhísí dá leithéid ann, nó go bhféadfadh siad a bheith i gceist, tá na seirbhísí sin faoi réir comhaontú ó údarás cuí na hOllscoile.

**Stiúrthóireachtaí**

Beidh stiúrthóireachtaí cuideachtaí, in acmhainn feidhmiúcháin agus neamhfheidhmiúcháin, faoi réir na dtreoirlínte seo agus déanfar iarratais ar stiúrthóireachtaí faoi réir na gcodanna cuí de na treoirlínte seo.

**Úinéireacht Cuideachtaí**

Ní mór do chomhalta foirne atá ag lorg cead a bheith páirteach in úinéireacht nó rialú cuideachta príobháidí an méid sin a chur in iúl don Uachtarán, tríd an Uachtarán Ionaid agus Meabhránaí, mar aon le nádúr agus líon na n-idirbheart idir an Ollscoil agus an chuideachta. Beidh rannpháirtíocht i gcuideachta phríobháideach faoi réir na dtreoirlínte seo agus déanfar iarratais ar a leithéid faoi réir na gcodanna cuí de na treoirlínte seo.

**Tuairisceán Bliantúil**

Éilítear ar chomhaltaí lánaimseartha den fhoireann acadúil tuairisceán bliantúil a dhéanamh agus é a chur faoi bhráid an Uachtaráin Ionaid agus Meabhránaí, ag cur in iúl ar ghlac siad páirt in imeachtaí seachtracha a bhfuair siad íocaíocht ina leith an bhliain acadúil roimhe sin nó nár ghlac. Déanfaidh an tUachtarán Ionaid agus Meabhránaí teagmháil, i bhfoirm scríbhinne, le comhaltaí foirne i mí Mheán Fómhair gach bliain agus ní mór an Tuairisceán Bliantúil a chur ar ais roimh dheireadh Mheán Fómhair.